

Gné 3: Téamaí *Aistear*

Réamhrá


Trí théamaí *Aistear* a úsáid sa phleanáil agus sa mheasúnú, cabhraíonn siad leat a chinntiú go dtacaíonn an curaclam a leanann tú le gach leanbh barr a c(h)umais a bhaint amach. Áirítear roinnt gníomhaíochtaí sa Treoir Chleachtais chun cabhrú leat machnamh a dhéanamh ar na téamaí agus ar an nasc atá acu sin le do chuid obair churaclaim.

In *Aistear*, déantar cur síos ar a bhfoghlaímíonn leanaí trí cheithre théama idirnasctha:

1. Baineann *Folláine agus Leas* le leanaí a bheith muiníneach, sona sásta agus sláintiúil.
2. Baineann *Féiniúlacht agus Muintearas* le braistint dhearfach a bheith ag leanaí ar cé hiad féin, forbróidh siad tuiscint ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht agus braithfidh siad go bhfuil meas ag daoine orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal.
3. Baineann *Cumarsáid* le leanaí a bheith in ann a gcuid eispéireas, smaointe, agus mothúchán a chomhroinnt go muiníneach agus go hinniúil ar réimse bealaí agus chun réimse críocha éagsúla.
4. Baineann *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht* le leanaí a bheith in ann ciall a bhaint as rudaí, áiteanna agus daoine ina saol.

Mar a léirítear i bhFíor 1, tá ceithre aidhm ag baint le gach téama (sé aidhm déag san iomlán), mar aon le sé sprioc foghlama (sé sprioc is nócha san iomlán). I dteannta a chéile, déanann na haidhmeanna agus na spriocanna sin cur síos ar na meonta¹, na scileanna, na dearcthaí agus na luachanna, an t-eolas agus an tuiscint a bhfuil tábhacht leo le haghaidh leanaí ón mbreith go dtí 6 bliana d'aois.

Fíor 1: Téamaí *Aistear*



Is iad is bonn leis na heispéiris a chuireann tú ar fáil chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí. Tá roinnt gníomhaíochtaí ann chun cabhrú leat dul i dtaithe ar na téamaí. Tá nasc idir na téamaí agus gach colún den chleachtas, agus is cuid thábhachtach iad na téamaí freisin de bhunchlocha an churaclaim.

1. Is éard atá i gceist le meonta nósanna intinne agus gnímh. Claontaí is ea iad i dtreo iompraíocht áirithe agus freagairt áirithe do chásanna difriúla. Cuireann *Aistear* béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le leanaí meonta dearfacha foghlama a fhorbairt, amhail an bhuanseasmhacht, neamhspleáchas, teacht aniar, agus fiosracht.